



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Mór-Dhlísheomra)

2 Deireadh Fómhair 2024*

(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine – Toirmeasc ar sheirbhísí comhairleacha dlí a chur ar fáil do Rialtas na Rúise agus d'eintitis atá bunaithe sa Rúis – Príomhdhualgas dlíodóirí i sochaí dhaonlathach – An ceart atá ag dlíodóirí chun seirbhísí comhairle dlí a sholáthar – An ceart chun comhairle a fháil ó dhlíodóir – Airteagail 7, 47 agus 52(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha – Neamhspleáchas an Dlíodóra – An smacht reachta – Comhréireacht – Deimhneacht dhlíthiúil)

I gcás T-797/22,

Ordre néerlandais des avocats du barreau de Bruxelles, a bunaíodh sa Bhruiséil (an Bheilg), agus na hiarratasóirí eile a bhfuil a n-ainmneacha san iarscríbhinn¹, arna n-ionadú ag P. de Bandt, T. Ghysels, T. Bontinck agus A. Guillerme, Dlíodóirí,

iarratasóirí,

le tacaíocht ó

Bundesrechtsanwaltskammer, a bunaíodh i mBeirlín (an Ghearmáin), arna hionadú ag J.-P. Buyle, D. Van Gerven agus N. Azizollahoff, Dlíodóirí,

agus ag

Ordre des avocats de Genève, a bunaíodh sa Ghinéiv (an Eilvéis), arna hionadú ag F. Zimeray, Dlíodóir,

idiragraithe,

v

Comhairle an Aontais Eorpaigh, arna hionadú ag V. Piessevaux agus S. Lejeune, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

le tacaíocht ó

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

¹ Níl liosta na bpáirtithe iarrthacha eile curtha i gceangal leis an leagan a fógraíodh do na páirtithe amháin.

Poblacht na hEastóine, arna hionadú ag M. Kriisa, i gcáil Gníomhaire,

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag J.-F. Brakeland, C. Giolito, M. Carpus Carcea agus C. Georgieva, i gcáil Gníomhairí,

agus ó

Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna ionadú ag F. Hoffmeister, L. Havas agus M. Almeida Veiga, i gcáil Gníomhairí,

idiragraithe,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. van der Woude, Uachtarán, S. Papasavvas, R. da Silva Passos, A. Kornezov, L. Truchot, S. Gervasoni (Rapóirtéir), N. Póltorak, P. Nihoul, U. Öberg, C. Mac Eochaidh, T. Pynnä, J. Martín y Pérez de Nanclares, M. Brkan, P. Zilgalvis agus I. Gâlea, Breithiúna,

Cláraitheoir: V. Di Bucci,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn, go háirithe:

- an t-iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 26 Nollaig 2022,
- na ráitis idiragartha a thaisc an Coimisiún, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Poblacht na hEastóine, an Bundesrechtsanwaltskammer agus Ordre des avocats de Genève i gClárlann na Cúirte an 4 Bealtaine, an 12 Bealtaine, an 22 Meitheamh, an 25 Iúil agus an 21 Lúnasa 2023 faoi seach,
- an ráieas lena leasaítear an t-iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 5 Bealtaine 2023,
- ceist i scríbhinn na Cúirte ar na hiarratasóirí agus a bhfreagra ar an gceist sin a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 27 Feabhra 2024,

agus tar éis éisteacht an 12 Márta 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Trína gcaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí, an Ordre néerlandais des avocats du barreau agus na daoine nádúrtha agus dlítheanacha eile a bhfuil a n-ainmneacha liostaithe san iarscríbhinn go ndéanfaí, ar an gcéad dul síos, Airteagal 1(12) de Rialachán (AE) 2022/1904 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2022 L 259 I, lch. 3), a chur ar neamhní, a mhéid a chuirtear é in ionad agus a leasaítear leis Airteagal 5n; míreanna 2 agus 4 go 12 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2014 L 229, lch. 1) a mhéid a

bhaineann le seirbhísí comhairleacha dlí, ar an dara dul síos, Airteagal 1(13) de Rialachán (AE) 2022/2474 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán Uimh. 833/2014 (IO 2022 L 322 I, lch. 1), a mhéid a chuirtear é in ionad agus a leasaítear leis Airteagal 5n(2) agus (4) go (11) de Rialachán Uimh. 833/2014 a mhéid a bhaineann le seirbhísí comhairleacha dlí, agus ar an tríú dul síos, Airteagal 1(13), Rialachán (AE) 2023/427 ón gComhairle an 25 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán Uimh. 833/2014 (IO 2023 L 59 I, lch. 6), a mhéid a chuirtear Airteagal 12b(2a) isteach i Rialachán Uimh. 833/2014 a mhéid a bhaineann le seirbhísí comhairleacha dlí.

I. Cúlra na díospóide

- 2 Is comhlachais bharra agus dlíodóirí Beilgeacha iad na hiarratasóirí.
- 3 I mí an Mhárta 2014, rinne Cónaidhm na Rúise Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus cathair Sevastopol (an Úcráin) a ionghabháil go neamhdhleathach agus lean sí de ghníomhaíochtaí díchobhsaithe in oirthear na hÚcráine ó shin i leith. Mar fhreagairt ar na gníomhartha sin, d'fhorchuir an tAontas Eorpach bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, chomh maith le bearta sriantacha mar fhreagairt ar an ionghabháil mhídhleathach de Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus de chathair Sevastopol a rinne Cónaidhm na Rúise.
- 4 An 17 Márta 2014, glacadh le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 16) agus glacadh le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 6).
- 5 Ina dhiaidh sin, glacadh le Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2014 L 229, lch. 13) chun bearta sriantacha spriocdhírithe a thabhairt isteach i réimsí na rochtana ar mhargaí caipitil, na cosanta, earraí dé-úsáide agus teicneolaíochtaí íogaire, lena n-áirítear in earnáil an fhuinnimh. Ós rud é gur tháinig na bearta sin faoi raon feidhme Chonradh FAE agus gur ghá gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh Rialachán Uimh. 833/2014, ina bhfuil forálacha níos mionsonraithe chun éifeacht a thabhairt, ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit araon, do cheanglais Chinneadh 2014/512.
- 6 An 15 Feabhra, 2022, vótáil an Gosudarstvennaya Duma Federal'nogo Sobrania Rossiskoï Federatsii (Duma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise) i bhfabhar rún chun iarraidh ar Uachtarán Chónaidhm na Rúise aitheantas a thabhairt do na codanna d'oirthear na hÚcráine arna n-éileamh ag scarúnaithe mar stáit neamhspleácha. An 21 Feabhra 2022, shínigh Uachtarán Chónaidhm na Rúise foraithe inar aithníodh neamhspleáchas agus ceannasacht 'Daon-Phoblacht Donetsk' agus 'Daon-Phoblacht Lougansk', féinfhógartha araon, agus d'ordaigh sé fórsaí armtha na Rúise dul isteach sna limistéir sin. An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin agus an lá céanna rinne fórsaí armtha na Rúise ionsaí ar an Úcráin i roinnt áiteanna sa tír.

- 7 Ar an dáta céanna, d’eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dearbhú thar ceann an Aontais inar cáineadh ‘an t-ionradh gan chúis’ ar an Úcráin a rinne fórsaí armtha Chónaidhm na Rúise agus chuir sé in iúl go n-áireofar i bhfreagairt an Aontais bearta sriantacha earnálacha agus bearta sriantacha aonair araon. Sna conclúidí uaithi arna nglacadh ag an gcruinniú urghnách a bhí aici an lá céanna, cháin an Chomhairle go neamhbhalbh an ‘fogha míleata gan chúis ná údar’ agus í den tuairim go bhfuil Cónaidhm na Rúise, trína gníomhaíochtaí míleata mídhleathacha, ar cheart don Chomhairle a thabhairt chun cuntais, ag sárú an dlí idirnáisiúnta agus phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe amach is amach agus go bhfuil sí ag déanamh dochair do bhonn shlándáil agus chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain.
- 8 Sna conclúidí uaithi an 23 agus an 24 Meitheamh 2022, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl, go leanfaí den obair ar ‘smachtbhannaí’, lena n-áirítear chun a gcur chun feidhme a neartú agus cosc a chur ar aon dul timpeall orthu.
- 9 An 21 Meán Fómhair 2022, chinn Cónaidhm na Rúise an fogha atá á thabhairt aici faoin Úcráin a threisiú a thuilleadh trí thacú le heagrú ‘reifreann’ neamhdhleathach sna codanna sin de réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporijjia atá faoi fhorghabháil ag an Rúis, agus slógadh i gCónaidhm na Rúise agus bagairtí breise chun airm ollscriosta a úsáid á bhfógairt aici. Tar éis na ‘reifreann’ sin, chuir Uachtarán Chónaidhm na Rúise ionghabháil réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporijjia agus Kherson na hÚcráine ag an Rúis ar bhonn foirmiúil.
- 10 An 30 Meán Fómhair 2022, ghlac comhaltaí na Comhairle Eorpaí ráiteas inar cáineadh ionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporijjia agus Kherson na hÚcráine agus inar dearbhaíodh go bhfuil an tslándáil dhomhanda á cur i mbaol ag an Rúis. Chuir comhaltaí na Comhairle Eorpaí in iúl go neartóidís a mbearta sriantacha mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha na Rúise agus go gcuirfidís leis an mbrú atá ar an Rúis deireadh a chur lena cogadh foghach.
- 11 An 6 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle le Cinneadh (CBES) 2022/1909, lena leasaítear Cinneadh 2014/512 (IO 2022 L 259 I, lch. 122). Ar an dáta céanna, ghlac an Chomhairle, ar bhonn Airteagal 215 CFAE, le Rialachán 2022/1904.
- 12 Sainítear in aithris 19 de Rialachán 2022/1904 na seirbhísí comhairleacha dlí a thoirmisctear leis an Rialachán sin:

‘Le Cinneadh (CBES) 2022/1909, leathnaítear an toirmeasc atá ann faoi láthair ar sholáthar seirbhísí áirithe do Chónaidhm na Rúise trí thoirmeasc a chur ar sholáthar seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta chomh maith le seirbhísí comhairliúcháin ríomhaireachta agus seirbhísí comhairleacha dlí. Cumhdaítear le “seirbhísí comhairleacha dlíthiúla” comhairle dlí a sholáthar do chliaint in ábhair neamhchonspóideacha, lena n-áirítear idirbhearta tráchtála, a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú an dlí; rannpháirtíocht le cliaint nó thar a gceann in idirbhearta tráchtála, i gcaibidlíocht agus i ndéileálacha eile le tríú páirtithe; agus doiciméid dlí a ullmhú, a fhorghníomhú agus a fhíorú. Mar sin féin, ní áirítear le “seirbhísí comhairleacha dlí” aon ionadaíocht, comhairle, ullmhú doiciméad ná fíorú doiciméad i gcomhthéacs seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, is é sin in ábhair nó in imeachtaí os comhair gníomhaireachtaí riaracháin, cúirteanna nó binsí oifigiúla eile atá comhdhéanta go cuí, nó in imeachtaí eadrána nó idirghabhála.’

13 Le hAirteagal 1(12) de Rialachán 2022/1904, cuireadh Airteagal 5n nua isteach i Rialachán Uimh. 833/2014, a tháinig in ionad an tsean-Airteagal, agus lena bhforáiltear, *inter alia*, do thoirmeasc ar sholáthar seirbhísí comhairleacha dlí ('an toirmeasc atá i gceist') sna téarmaí seo a leanas:

'2. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta, seirbhísí comhairleacha dlí agus seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar go díreach nó go hindíreach dóibh seo a leanas:

(a) Rialtas na Rúise; nó

(b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

[...]

4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí atá fíor-riachtanach maidir le foirceannadh, faoin 8 Eanáir 2023 conarthaí nach bhfuil i gcomhréir leis an Airteagal seo a tugadh i gcrích roimh 7 Deireadh Fómhair 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun an ceart chun cosanta in imeachtaí breithiúnacha a fheidhmiú ná an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil.

6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, nó chun breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát a aithint nó a fhorfheidhmiú, ar choinníoll go bhfuil an soláthar seirbhísí sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle.

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí atá beartaithe lena n-úsáid go heisiach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú iomlán nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, faoi dhlí de chuid tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi dhlí na hEilvéise nó faoi dhlí tíre is comhpháirtí a liostaítear in Iarscríbhinn VIII.

8. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí is gá le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol a chosc nó a mhaolú go práinneach, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

9. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí is gá le haghaidh nuashonruithe bogearraí chun críoch neamh-mhíleata nó le haghaidh úsáideoir deiridh neamh-mhíleata a údaraítear le hAirteagal 2(3)(d) agus le hAirteagal 2(a)(3)(d) i ndáil le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn VII.

10. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leo le haghaidh na nithe seo a leanas:

- (a) chun críoch daonnúil, mar shampla cúnamh a sheachadadh nó seachadadh cúnaime a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú nó le haghaidh aslonnú;
- (b) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Rúis; nó
- (c) go bhfuil siad d'fheidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha is comhpháirtithe sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

11. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leo le haghaidh na nithe seo a leanas:

- (a) soláthar criticiúil fuinnimh laistigh den Aontas a áirithiú mar aon le ceannach, allmhairiú nó iompar tíotáiniam, alúmanaim, copair, nicile, pallaidiam agus amhiarainn isteach san Aontas;
- (b) oibriú leanúnach bonneagar, crua-earraí agus bogearraí a áirithiú, rud atá criticiúil le haghaidh shláinte agus shábháilteacht an duine, nó sábháilteacht an chomhshaoil;
- (c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiseatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, agus le haghaidh an chomhair núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha; nó
- (d) soláthar seirbhísí leictreonacha cumarsáide ag oibreoiríteileachumarsáide de chuid an Aontais, ar seirbhísí iad a bhfuil gá leo le haghaidh oibriú, cothabhála agus slándála, lena n-áirítear cibearshlándáil, seirbhísí cumarsáide sa Rúis, san Úcráin, san Aontas, idir an Rúis agus an tAontas agus idir an Úcráin agus an tAontas agus le haghaidh seirbhísí ionad sonraí san Aontas; nó

12. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 10 agus 11 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.'

- 14 An 16 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2478 lena leasaítear Cinneadh 2014/512 (IO 2022 L 322 I, lch. 614) agus, ar bhonn Airteagal 215 CFAE, Rialachán 2022/2474.
- 15 Le hAirteagal 1(13) den Rialachán sin, a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar chomhairle dlí a sholáthar, leasaíodh Airteagal 5n de Rialachán Uimh. 833/2014 go foirmiúil amháin. Dá bhrí sin, rinneadh le hAirteagal 5n(10) de Rialachán Uimh. 833/2014 seanmhíreanna 10 agus 11 a chumasc, gan ábhar reachtach na míreanna sin a athrú.

- 16 An 25 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/434 lena leasaítear Cinneadh 2014/512 (IO 2023 L 59 I, lch. 593) agus, ar bhonn Airteagal 215 CFAE, Rialachán 2023/427.
- 17 Níor leasaigh Rialachán 2023/427 foclaíocht Airteagal 5n de Rialachán Uimh. 833/2014. Mar sin féin, le hAirteagal 1(13) de Rialachán 2023/427 tugadh isteach maolú nua ar an toirmeasc atá i gceist, trí bhíthin mhír nua 2(a), a cuireadh isteach in Airteagal 12b de Rialachán Uimh. 833/2014 agus an fhoclaíocht seo a leanas ann:

‘2a. De mhaolú ar Airteagal 5n [de Rialachán Uimh. 833/2014], féadfaidh na húdaráis inniúla leanúint soláthar seirbhísí a liostaítear san Airteagal sin go dtí an 31 Nollaig 2023 a údarú, i gcás ina bhfuil géarghá leis an soláthar seirbhísí sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) soláthraítear na seirbhísí sin do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bheidh ann mar thoradh ar an dífheistiú sin agus dá dtairbhe amháin; agus
- (b) níl aon fhoras réasúnach ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun a chreidiúint go bhféadfaí na seirbhísí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Rialtas na Rúise nó d’úsáideoir deiridh míleata nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith acu sa Rúis’

II. An t-ordú atá á lorg

- 18 Maíonn na hiarratasóirí, le tacaíocht ón Bundesrechtsanwaltskammer agus ón Ordre des avocats de Genève, gur cheart don Chúirt:
- Airteagal 1(12) de Rialachán 2022/1904 a chur ar neamhní a mhéid a dhéantar leis ionadú agus leasú ar Airteagal 5n(2) agus (4) go (12) de Rialachán Uimh. 833/2014 a mhéid a bhaineann le seirbhísí comhairleacha dlí, ar Airteagal 1(13) de Rialachán 2022/2474 a mhéid a dhéantar ionadú agus leasú leis ar Airteagal 5n(2) agus (4) go (11) de Rialachán Uimh. 833/2014 a mhéid a bhaineann le seirbhísí comhairleacha dlí, agus ar Airteagal 1(13) de Rialachán 2023/427 a mhéid a chuirtear Airteagal 12b(2a) bis isteach leis i Rialachán Uimh. 833/2014 a mhéid a bhaineann le seirbhísí comhairleacha dlí;
 - a ordú don Chomhairle na costais a íoc.
- 19 Áitíonn an Chomhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na hEastóine, ón gCoimisiún Eorpach agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, go bunúsach, gur cheart don Chúirt an méid seo a leanas a dhéanamh:
- an chaingean a dhíbhe mar chaingean dho-ghlactha a mhéid a iarrtar go ndéanfaí Airteagal 5n(10) agus Airteagal 12b(2)(a) de Rialachán Uimh. 833/2014 (‘na forálacha díolúine’) a chur ar neamhní;
 - an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith gan bhunús;
 - a ordú do na hiarratasóirí na costais a íoc.

- 20 Áitíonn Poblacht na hEastóine, an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála freisin gur cheart don Chúirt an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith do-ghlactha ina hiomláine.

III. An dlí

A. Inghlacthacht

- 21 Measann an Chomhairle go bhfuil an ghníomhaíocht inghlactha sa mhéid go mbaineann sé le hAirteagal 5n(2), 4 go 9 agus 11 de Rialachán Uimh. 833/2014. Ar an taobh eile, cuireann sí i gcoinne inghlacthacht na caingne a mhéid a iarrann sí na forálacha díolúine a chur ar neamhní. Is iad Poblacht na hEastóine, an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála amháin a mheasann go bhfuil an ghníomhaíocht do-ghlactha ina hiomláine.
- 22 Measann an Chomhairle freisin, le tacaíocht ó Phoblacht na hEastóine, ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, go bhfuil an ráiteas lena leasaítear an t-iarratas arna thaisceadh ag na hiarratasóirí lena gconspóidtear dlíthiúlacht Airteagal 12(b)(2)(a) de Rialachán Uimh. 833/2014, a tugadh isteach le Rialachán 2023/427, do-ghlactha.
- 23 Is ceart a choinneáil i gcuimhne go bhfuil Cúirteanna an Aontais Eorpaigh i dteideal a mheas, de réir imthosca gach cáis, an dtugann riaradh cuí an cheartais údar maith leis an gcaingean a dhíbhe ar na tuillteanais, gan rialú a dhéanamh ar dtús ar a hinghlacthacht (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Feabhra 2002, *an Chomhairle v Boehringer*, C-23/00 P, EU:C:2002:118, mír 52).
- 24 In imthosca an cháis seo, agus ar mhaithe le heacnamaíocht nós imeachta, is gá substaint na caingne a scrúdú, gan rialú a thabhairt ar dtús maidir lena hinghlacthacht, ós rud é go bhfuil an chaingean gan bhunús ar aon nós agus ar na cúiseanna a leagtar amach thíos.

B. Substaint an cháis

- 25 Mar thaca lena gcaingean, ardaíonn na hiarratasóirí trí shaincheist dlí, lena n-éilítear, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, sárú ar Airteagail 7, 47 agus 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), ar an dara dul síos, cur isteach ar neamhspleáchas an dlíodóra agus ar luachanna an smachta reachta agus sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus, ar an tríú dul síos, sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagail 7, 47 agus 52(1) den Chairt

- 26 Tá an chéad saincheist dlí roinnte ina trí chuid a bhaineann le sárú na Cairte, a scrúdaítear thíos.
- 27 Faoin gcéad chuid agus faoin dara cuid, measann na hiarratasóirí, le tacaíocht ón Bundesrechtsanwaltskammer agus ag an Ordre des avocats de Genève, go mbaineann an toirmeasc atá i gceist, ar an gcéad dul síos, le sárú ar an gceart bunúsach chun rochtain a fháil ar chomhairle dlíodóra agus, ar an dara dul síos, le cur isteach ar phribhléid ghairmiúil an dlíodóra. Dá bhrí sin ní thugtar aird leis an toirmeasc atá faoi chonspóid ar Airteagail 7 agus 47 den Chairt.

- 28 De réir an tríú cuid, áitíonn na hiarratasóirí, arna dtacú ag an Bundesrechtsanwaltskammer agus ag an Ordre des avocats de Genève, nach dócha go mbeidh bonn cirt leis na trasnaí a tharlódh de bharr an choisc atá faoi chonspóid ar na cearta a ráthaítear leis an gCairt de réir bhrí Airteagal 52(1) den Chairt chéanna.
- 29 Scrúdaítear an tríú cuid sin i gcomhthéacs fhreagra na Cúirte Ginearálta ar an gcéad chuid agus ar an dara cuid.

(a) An chéad chuid, lena líomhnaítear sárú ar an gceart chun comhairle dlí a lorg ó dhlíodóir

- 30 Tá an chéad chuid den chéad saincheist roinnte in dhá ghearán. Líomhnaítear sa dara gearán sárú ar Airteagal 47 den Chairt. Líomhnaítear sa dara gearán sárú ar Airteagal 7 den Chairt. De réir na n-iarratasóirí, leagtar síos leis an dá Airteagal sin ceart bunúsach chun rochtain a fháil ar chomhairle dlí ó dhlíodóir, rud a ráthaítear do gach duine in ábhair chonspóideacha agus neamhchonspóideacha araon.
- 31 Áitíonn na hiarratasóirí, le tacaíocht ón Bundesrechtsanwaltskammer agus an Ordre des avocats de Genève, go bhfuil dlúthbhaint ag an gceart chun comhairle dlí a lorg leis an gceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir in imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin. Ina theannta sin, aithnítear i ngach Ballstát an ceart chun dul i dteagmháil le dlíodóir, lena n-áirítear comhairle dlí a fháil agus measúnú a fháil ar a staid dhlíthiúil, agus is gníomhaíocht bhunriachtanach sa smacht reachta é. Braitheann na hiarratasóirí ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ('ECtHR') chun a dhearbhu gurb ann do cheart chun comhairle dlí a lorg ó dhlíodóir, fiú lasmuigh den ról a bhaineann le hionadaíocht a dhéanamh ar chliant in imeachtaí dlí.
- 32 Tá feidhm ag an gcosaint a thugtar le hAirteagal 7 den Chairt freisin gan aon imeachtaí conspóideacha. Ar an gcaoi chéanna, an t-idirdhealú a rinne an Chomhairle, ar dá réir a chumhdaítear leis na heisceachtaí ar raon feidhme an toirmisc atá i gceist na seirbhísí comhairleacha dlí is gá chun an ceart chun leighis éifeachtaigh a chosnaítear le hAirteagal 47 den Chairt a fheidhmiú, tá sé saorga agus míchuí. Ní féidir, *a priori*, a chinneadh an bhfuil comhairle dlí, sula dtugtar don chliant í, nasctha le dlíthíocht sa todhchaí. D'fhéadfadh dlúthbhaint a bheith ag an gceart chun comhairle dlí a lorg leis an gceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir.
- 33 Cuireann an Ordre des avocats de Genève in iúl freisin, i ndáiríre, nach bhféadfaí comhairleoirí dlí a aicmiú mar chomhairleoirí a thagann faoi raon feidhme díospóide nó mar chomhairleoirí 'saor in aisce' ach amháin tar éis an imeachta. Ar bhonn níos ginearálta, is saincheist í rochtain ar an dlí, atá srianta sa chás seo mar gheall ar dhébhríocht fhoclaíocht an toirmisc atá i gceist, rud a fhágann, i gcleachtas, go ndéantar cinsireacht ar dhlíodóirí.
- 34 Sonraíonn na hiarratasóirí freisin nach leor monaplacht dlíodóirí chun ionadaíocht a dhéanamh ar a gcliant in imeachtaí dlíthiúla chun amhras a chaitheamh ar cheart bunúsach a bheith ann chun comhairle dlí a fháil ó dhlíodóir, lena n-áirítear in ábhair neamhchonspóideacha. Ba cheart breathnú ar an gceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir mar iomlán doroinnte, lena gcuimsítear an cúram an dlíodóir a chosaint agus ionadaíocht a dhéanamh dó, agus an ról comhairleach atá aige.

- 35 Cuireann na hiarratasóirí in iúl, thairis sin, nach gcruthaítear oibleagáid forchoimeádta leis an toirmeasc atá i gceist, ach gur toirmeasc glan atá ann. In aon chás, ós rud é go bhfuil oibleagáid ar dhlíodóirí iarratas a dhéanamh ar údarú, cuirtear cosc orthu na cásanna a thagann faoi raon feidhme na bhforálacha díolúine a chinneadh agus a mheasúnú iad féin.
- 36 Déanann an Chomhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na hEastóine, ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, argóintí na n-iarratasóirí a dhíospóid.
- 37 I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire gurb é atá i gceist leis an gceist a d'ardaigh na hiarratasóirí leis an gcéad chuid den shaincheist seo ná a chinneadh, go bunúsach, an féidir le cur i bhfeidhm comhcheangailte Airteagail 7 agus 47 den Chairt a shuíomh go bhfuil ceart bunúsach rochtana ar dhlíodóir ann, lena n-áirítear i gcásanna nach mbaineann le himeachtaí cúirte. Ós rud é go bhfuil feidhm ag an toirmeasc atá i gceist maidir le seirbhísí comhairle dlí a sholáthraíonn, *inter alia*, dlíodóirí in ábhair neamhchonspóideacha, is cur isteach é ar an gceart bunúsach chun rochtain a fháil ar dhlíodóir.
- 38 Éilítear leis an bhfreagra ar an gceist a d'ardaigh na hiarratasóirí mar sin scrúdú a dhéanamh ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais a bhaineann le hAirteagal 47 den Chairt, ar thaobh amháin, agus le hAirteagal 7 den Chairt, ar an taobh eile, agus le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.
- 39 I gcomhréir le hAirteagal 52(3) den Chairt, a fhéachann leis an gcomhsheasmhacht is gá a áirithiú idir na cearta atá sa Chairt agus na cearta comhfhreagracha a ráthaítear leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('CECD'), gan difear a dhéanamh d'uathriail dhlí an Aontais, ní mór don Chúirt Ghinearálta, agus í ag léiriú na gceart a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 47 den Chairt, na cearta comhfhreagracha a ráthaítear le hAirteagal 8(1) agus le hAirteagal 6(1) de ECHR, mar atá léirithe ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine ('ECtHR'), a chur san áireamh mar íostairseach chosanta (féach, chuige sin, go háirithe breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C-694/20, EU:C:2022:963, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 40 Dar leis an gCúirt, tá tábhacht bhunúsach ag baint leis an gceart bunúsach dá bhforáiltear in Airteagal 47 den Chairt mar ráthóir ar chosaint na gceart uile a eascraíonn as dlí an Aontais agus ar chosaint na luachanna is coiteann do na Ballstáit a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe luach an smachta reachta (breithiúnas an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, mír 51). Ceanglaítear le prionsabal an smachta reachta a leagtar amach in Airteagal 2 CAE saor-rochtain ar dhlí an Aontais a bheith ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach san Aontas Eorpach agus an deis a bheith ag daoine aonair a gcearta agus a n-oibleagáidí a fhionnadh gan amhras (breithiúnas an 5 Márta 2024, *Public.Resource.Org agus Right to Know v an Coimisiún agus páirtithe eile*, C-588/21 P, EU:C:2024:201, mír 81).
- 41 Áirítear leis an gceart chun triail chóir a fháil, de réir an dara habairt den dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, an fhéidearthacht go ndéanfaidh dlíodóir comhairle, cosaint agus ionadaíocht ar gach duine. Tá gnéithe éagsúla i gceist leis an gceart sin. Áirítear ann, go háirithe, na cearta chun cosaint a fháil, prionsabal chomhionannas na n-arm, an ceart chun rochtain a fháil ar na cúirteanna agus an ceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir, in ábhair shibhialta agus choiriúla araon (breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C-694/20, EU:C:2022:963, mír 60).

- 42 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil Airteagal 47 den Chairt i dteideal ‘an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil’. Foráiltear leis an tríú mír den Airteagal sin do chúnamh dlíthiúil chun ‘rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú’. Sa chomhthéacs sin, ní aithneofar an fhéidearthacht maidir le comhairle, cosaint agus ionadaíocht a fháil, dá bhforáiltear sa dara mír den Airteagal sin, ach amháin má tá nasc le himeachtaí breithiúnacha (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C-694/20, EU:C:2022:963, mír 61).
- 43 Chuige sin, níor aithin an Chúirt príomhdhualgas na ndlíodóirí maidir leis an smacht reachta ach amháin a mhéid a rannchuidíonn siad le feidhmiú cuí an cheartais agus a mhéid a áirithíonn siad cosaint easanna an chliaint. Chuir an Chúirt i dtábhacht nach mór an deis a bheith ag ‘gach dlíthí’, is é sin le rá, aon duine ar mian leis go n aithneofaí agus go bhfeidhmeofaí a chearta os comhair na gcúirteanna, iarratas a dhéanamh gan bac ar a dhlíodóir, a raibh sé de chúram air comhairle dlí neamhspleách a thabhairt dóibh siúd go léir a raibh sé ag teastáil uathu (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Bealtaine 1982, *AM & S Europe v an Coimisiún*, 155/79, EU:C:1982:157, mír 18). Tá aitheantas níos forleithne tugtha ag an gCúirt do dhualgas dlíodóirí, a gceanglaítear orthu an cúnamh dlí atá de dhíth ar an gcliant a sholáthar go hiomlán neamhspleách agus ar mhaithe leis an gceartas (breithiúnas an 18 Bealtaine 1982, *AM & S Europe v an Coimisiún*, 155/79, EU:C:1982:157, mír 24). Chinn an Chúirt freisin, dá gcuirfí cúram na hionadaíochta ó dhlíodóir i gcrích ar mhaithe le riar cuí an cheartais, gurbh é a bhí sa chúram sin go príomha leasanna a phríomhaí a chosaint r an mbealach is fearr is féidir, chun a chur ar a chumas a cheart chun leigheas éifeachtach a fheidhmiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Feabhra 2020, *Uniwersytet Wrocławski agus an Pholainn v REA*, C 515/17 P agus C 561/17 P, EU:C:2020:73, mír 62). Dá bhrí sin, déanann an dlíodóir príomhdhualgas i sochaí dhaonlathach, eadhon dlíthithe a chosaint (breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C 694/20, EU:C:2022:963, mír 28).
- 44 Níl sé i gceist le hAirteagal 7 den Chairt, murab ionann agus Airteagal 47 di, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil a chosaint, ach saol príobháideach gach duine a chosaint, go háirithe a chumarsáidí, beag beann ar aon bhaint a bheith aige le himeachtaí cúirte. Is ón bhforáil seo a eascraíonn cosaint rúndacht ghairmiúil an dlíodóir, rud a ráthaítear, i bprionsabal, nuair a fheidhmíonn an dlíodóir a dhualgas chun leasanna a chliaint a chosaint nó a ionadú sa chúirt nó nuair a thugann sé an chomhairle dlí atá á lorg aige d’aon duine.
- 45 I dtaca leis sin, mheas ECtHR mar sin go leathnaíodh cosaint na rúndachta gairmiúla, a eascraíonn as Airteagal 8 de CECD, dá gcomhfhreagraíonn Airteagal 7 den Chairt, chuig gníomhaíochtaí comhairle dlí i gcoitinne, go neamhspleách ar dhíospóid a bheith ann (féach, chuige sin, ECtHR, an 9 Aibreán 2019, *Altay v an Tuirc* (Uimh. 2), CE:ECHR:2019:0409JUD001123609, mír 49).
- 46 Ar an gcaoi chéanna, dhearbhaigh an Chúirt go sainráite nach mór do dhaoine a chuaigh i gcomhairle le dlíodóir ‘a bheith ag súil go dlisteanach nach nochtfaidh a ndlíodóir do dhuine ar bith, gan a dtoiliú, go rachaidh siad i gcomhairle leis’, ach amháin i gcásanna eisceachtúla (breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C-694/20, EU:C:2022:963, mír 27).
- 47 Is fíor go gcuirtear le cosaint rúndachta gairmiúla, a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt, ar chumas dlíodóra a chúram nó a cúram a chomhlíonadh maidir le comhairle, cosaint agus ionadaíocht a dhéanamh ar a chliant go leordhóthanach, chun ceart an chliaint chun triail chóir a fháil a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt a ráthú (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C-694/20, EU:C:2022:963, mír 60).

- 48 Mar sin féin, níl an raon feidhme céanna ag an gcosaint a ráthaítear in airteagal 47 den Chairt agus ag an gcosaint a ráthaítear in airteagal 7 den Chairt. De pháirt, aithnítear cosaint na rúndachta gairmiúla a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt in éagmais aon bhaint le himeachtaí cúirte (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C-694/20, EU:C:2022:963, míreanna 61 agus 65). Den pháirt eile, níor chinn an Chúirt go raibh sé i gceist leis an gcosaint sin ceart bunúsach rochtana ar dhlíodóir agus comhairle dlí ó dhlíodóir a ráthú gan beann ar aon nasc le himeachtaí breithiúnacha, ach gurbh é an t-aon chuspóir amháin a bhí léi, i bhfianaise an chirt maidir le hurraim don saol príobháideach, rúndacht an chomhfhreagrais idir an dlíodóir agus a chliant a chaomhnú.
- 49 Dá bhrí sin, ní féidir a thuiscint ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ná na Cúirte Breithiúnais go bhféadfadh na cosaintí a ráthaítear in Airteagail 7 agus 47 den Chairt bonn cirt a thabhairt, ina n-aonar nó le chéile, do cheart bunúsach a bheith ag gach duine rochtain a bheith aige nó aici ar dhlíodóir agus leas a bhaint as a chomhairle nó a comhairle lasmuigh de chomhthéacs conspóideach reatha nó dóchúil.
- 50 Thairis sin, le linn na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, níor suíodh go n-eascaíonn ceart den sórt sin as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, de réir bhrí Airteagal 6(3) CAE.
- 51 Ní mór, dá bhrí sin, an ceart bunúsach chun rochtain a fháil ar dhlíodóir agus comhairle a fháil ó dhlíodóir, a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt, a aithint i ndáil le himeachtaí cúirte amháin, cibé acu atá nó nach bhfuil imeachtaí den sórt sin tionscanta cheana féin nó cibé acu is féidir nó nach féidir fógra a thabhairt ina leith nó a bheith ag súil leo, ar bhonn fianaise inláimhsithe, le linn chéim an mheasúnaithe ag an dlíodóir ar sheasamh dlíthiúil a chliant.
- 52 Sa chás sin, cuirtear cosc leis an toirmeasc atá i gceist a leagtar síos in Airteagal 5n(2) de Rialachán Uimh. 833/2014 ar sholáthar díreach nó indíreach seirbhísí comhairleacha dlíthiúla do Rialtas na Rúise agus do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.
- 53 De réir aithris 19 de Rialachán 2022/1904, ní áirítear le 'seirbhísí comhairleacha dlí toirmiscthe' "aon ionadaíocht, comhairle, ullmhú doiciméad ná fíorú doiciméad i gcomhthéacs seirbhísí ionadaíochta dlí, eadhon i gcásanna nó imeachtaí os comhair comhlachtaí riaracháin, cúirteanna nó binsí oifigiúla eile arna gcomhdhéanamh go cuí, nó in imeachtaí eadrána agus idirghabhála'. Ar taobh eile, cumhdaítear le seirbhísí comhairleacha dlí toirmiscthe 'comhairle dlí a sholáthar do chliant in ábhair neamhchonspóideacha, lena n-áirítear idirbhearta tráchtála, a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú an dlí', 'rannpháirtíocht in idirbhearta tráchtála, i gcaibidlíocht agus i ndéileálacha eile le tríú páirtithe, le cliant nó thar ceann cliant' agus 'doiciméid dlí a ullmhú, a fhorghníomhú agus a fhíorú'.
- 54 Cé nach bhfuil aon fheidhm dhlíthiúil cheangailteach ag brollach gnímh de chuid an Aontais agus nach féidir brath air chun maolú ar fhorálacha iarbhír an ghnímh lena mbaineann (breithiúnas an 19 Samhain 1998, *Nilsson agus páirtithe eile*, C-162/97, EU:C:1998:554, mír 54), le haithris 19 de Rialachán 2022/1904 gur féidir sainmhíniú tosaigh ar an toirmeasc atá i gceist a shoiléiriú. Is léir óna fhoclaíocht nach bhfuil seirbhísí comhairle dlí a sholáthraítear le linn imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána clúdaithe ag an toirmeasc sin.
- 55 Le hAirteagal 5n(5) agus (6) de Rialachán Uimh. 833/2014 déantar raon feidhme an toirmisc atá i gceist a theorannú tuilleadh, i bhfianaise aithris 19 de Rialachán 2022/1904. Foráiltear le míreanna 5 agus 6 thuas nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc atá i gceist maidir le soláthar seirbhísí

‘atá fíor-riachtanach chun na cearta cosanta in imeachtaí breithiúnacha agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil a fheidhmiú’ agus soláthar seirbhísí ‘atá fíor-riachtanach chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, nó chun breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna tabhairt i mBallstát a aithint nó a fhorfheidhmiú, ar choinníoll go bhfuil soláthar seirbhísí den sórt sin comhoiriúnach le cuspóirí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle’.

- 56 Dá bhrí sin, is léir ó fhoclaíocht Airteagal 5n(6) de Rialachán Uimh. 833/2014, go háirithe a mhéid a thagraíonn sé do sheirbhísí comhairle dlí ‘a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána a áirithiú’, nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc atá i gceist maidir le seirbhísí comhairleacha dlí a tharlaíonn ón uair a iarrtar ar an dlíodóir cúram cosanta nó ionadaíochta a dhéanamh in imeachtaí dlí nó comhairle a fháil maidir le conas imeachtaí cúirte a thionscnamh nó a sheachaint (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 26 Meitheamh 2007, *Ordre des barreaux francophones et germanophone agus páirtithe eile*, C-305/05, EU:C:2007:383, mír 34). Ní chuirtear cosc, dá bhrí sin, ar sheirbhísí comhairle dlí a sholáthar a bhfuil sé d’aidhm acu, ag an réamhchéim seo, staid dhlíthiúil an duine lena mbaineann a mheasúnú agus leis an aidhm sin amháin a chinneadh an gá imeachtaí, go háirithe imeachtaí dlí, agus aird á tabhairt ar staid an duine sin, a chur as an áireamh nó cibé acu, os a choinne sin, is dócha nó fiú dosheachanta é. Gan réamh-mheasúnú den sórt sin, ní fhéadfaí, mar a chuir na hiarratasóirí in iúl, a fháil amach cad a d’fhéadfadh a bheith mar ábhar an chomhairliúcháin agus a chinneadh an bhféadfadh nasc a bheith ag an gcomhairleoir dlí atá á lorg le himeachtaí breithiúnacha agus, dá bhrí sin, a bheith cumhdaithe leis an gceart bunúsach chun rochtain a fháil ar dhlíodóir, mar a mheabhraítear i mír 51 den bhreithiúnas seo.
- 57 Ar an taobh eile, tá feidhm ag an toirmeasc atá faoi chonspóid, go háirithe, nuair a chuidíonn dlíodóir, in ábhair neamhchonspóideacha, le cliant nó nuair a ghníomhaíonn sé in ainm agus thar ceann an chliant chun idirbhearta áirithe a ullmhú nó a chur i gcrích arb éard iad go bunúsach a nádúr airgeadais agus tráchtála. Mar riail ghinearálta, tarlaíonn na gníomhaíochtaí sin, óna nádúr, i gcomhthéacs nach bhfuil baint aige le himeachtaí breithiúnacha agus, dá bhrí sin, tagann siad lasmuigh de raon feidhme an chirt chun leighis éifeachtaigh agus an chirt chun trialach córa a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt. I dtaca leis seo, i gcás ina soláthraíonn dlíodóir seirbhís dlí ag céim chomh luath sin agus nach ngníomhaíonn sé mar chosantóir dá chliant i ndíospóid, ní chiallaíonn an t-aonimthoisc amháin a bhféadfadh dlíthíocht a bheith mar thoradh ar chomhairle an dhlíodóir nó ábhar a chomhairliúcháin eascairt as dlíthíocht ag céim níos déanaí gur tharla idirghabháil an dlíodóir laistigh den chreat nó chun críocha cheart cosanta a chliant (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C-694/20, EU:C:2022:963, míreanna 63 agus 64).
- 58 Ina theannta sin, ba cheart a choinneáil i gcuimhne nach mór gníomh de chuid an Aontais a léiriú, a mhéid is féidir, ar bhealach nach gcuirtear aon amhras faoi a bhailíocht agus nach bhfuil sé i gcomhréir leis an dlí príomhúil go léir agus, go háirithe, le forálacha na Cairte. Go deimhin, i gcás inar féidir níos mó ná léiriú amháin a bhaint as téacs dhlí tánaisteach an Aontais, ní mór tosaíocht a thabhairt don léiriú lena gcuirtear an fhoráil i gcomhréir leis an dlí príomhúil seachas don léirmhíniú a fhágann nach bhfuil sé ag luí leis an dlí príomhúil (féach breithiúnas an 26 Meitheamh 2007, *Ordre des barreaux francophones et germanophone agus páirtithe eile*, C-305/05, EU:C:2007:383, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 21 Meitheamh 2022, *Ligue des droits humains*, C-817/19, EU:C:2022:491, mír 86 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 59 Is gá, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh an féidir an toirmeasc atá i gceist a léiriú ar bhealach lena n-urramaítear an ceart chun comhairle, cosaint agus ionadaíocht a fháil ó dhlíodóir a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt.
- 60 De réir na soiléirithe a thug an Chomhairle ina pléadálacha i scríbhinn agus ag an éisteacht, is é an t-aon chuspóir amháin atá leis an gcritéar maidir le dianriachtanas a leagtar síos in Airteagal 5n(5) agus (6) de Rialachán Uimh. 833/2014 ná mí-úsáid na n-eisceachtaí a leagtar síos sna míreanna sin a chosc agus ní féidir é a úsáid chun a mhaíomh go sáraítear leis an toirmeasc sin an ceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir chun críoch imeachtaí breithiúnacha.
- 61 Mar a thugann an Chomhairle le fios go ceart, ceadaítear le foclaíocht Airteagal 5n(5) de Rialachán Uimh. 833/2014 a mheas go bhfuil seirbhísí comhairle dlí a bhaineann le nós imeachta réamhdhlíthíochta, eadhon nós imeachta riaracháin, nó chuig an gcéim tosaigh de nós imeachta breithiúnach a mbeadh ar na páirtithe dul tríd de riachtanas faoin dlí náisiúnta is infheidhme nach bhfuil clúdaithe ag an toirmeasc atá faoi chonspóid.
- 62 Ar an gcaoi chéanna, ní chuirtear cosc le foclaíocht Airteagal 5n(6) de Rialachán Uimh. 833/2014 ar réamh-mheasúnú dlíthiúil a dhéanamh lena gcinntear go bhfuil gá, nó nach bhfuil gá, le himeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána a thionscnamh, ná le seirbhísí comhairleacha a sholáthar lena bhféadfaí imeachtaí den sórt sin a sheachaint, go háirithe trí réiteach cairdiúil. Cuireann an Chomhairle in iúl, mar is ceart, go leanann an léiriú sin go loighciúil as breithiúnas an 26 Meitheamh 2007, *Ordre des barreaux francophones et germanophone agus páirtithe eile* (C-305/05, EU:C:2007:383).
- 63 Dá bhrí sin, ceadaítear le hAirteagal 5n(5) agus (6) de Rialachán Uimh. 833/2014 do dhlíodóir réamh-mheasúnú a dhéanamh ar staid dhlíthiúil daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis a théann i gcomhairle leis, chun a chinneadh an bhfuil géarghá leis an gcomhairle a iarrtar air chun rochtain ar, *inter alia*, imeachtaí cúirte a áirithiú, chun imeachtaí den sórt sin a chosc nó a réamh-mheas nó chun seoladh cuí imeachtaí den sórt sin a áirithiú má tá siad tionscanta cheana féin.
- 64 De pháirt, leanann sé ón méid sin roimhe seo nach sáraítear leis an toirmeasc atá i gceist an ceart chun comhairle, cosaint agus ionadaíocht a fháil ó dhlíodóir, mar a chosnaítear le hAirteagal 47 den Chairt. Den pháirt eile, ós rud é nach ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt ceart rochtana ar dhlíodóir, bíodh sin in imeachtaí breithiúnacha nó i gcomhthéacs neamhchonspóideach, ní féidir leis an toirmeasc atá i gceist a bheith ina chur isteach ar cheart a eascraíonn as an Airteagal sin.
- 65 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad chuid den chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagail 7 agus 47 den Chairt, ina n-aonar nó le chéile.
- 66 Ós rud é nár suíodh aon chur isteach, mar thoradh ar an toirmeasc atá i gceist, ar an gceart chun comhairle, cosaint agus ionadaíocht a fháil ó dhlíodóir chun comhairle dlí a fháil, a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt, ní mór diúltú don tríú cuid den chéad fhoras achomhairc, a mhéid a líomhnaítear gurb ionann an toirmeasc sin agus cur isteach den sórt sin, nach féidir údar a thabhairt leis de réir bhrí Airteagal 52(1) den Chairt.

(b) An dara cuid, lena líomhnaítear cur isteach ar phribhléid ghairmiúil an dlíodóra

- 67 Measann na hiarratasóirí, le tacaíocht ón Bundesrechtsanwaltskammer agus an Ordre des avocats de Genève, go gcuirtear isteach leis na nósanna imeachta údarúcháin a leagtar síos leis na forálacha díolúine ar rúndacht ghairmiúil dlíodóirí, a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt, in Airteagal 8 de ECHR, agus sa chásdlí.
- 68 Go deimhin, ba cheart do dhlíodóir ar mian leis údarú a lorg sonraí a chliaint ionchasaigh agus cineál na comhairle atá á lorg a nochtadh don údarás inniúil. Nochtfaí go bhfuil comhairliúchán ann. Is cur isteach díreach é ar an gceart go n-urramófaí cumarsáid idir dlíodóirí agus a gcliaint. Cuireann na hiarratasóirí in iúl freisin nach bhféadfadh ach dlíodóirí, mar sholáthraithe seirbhísí comhairle dlí a chumhdaítear leis an toirmeasc atá i gceist, díolúine a iarraidh.
- 69 Déanann an Chomhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na hEastóine, ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, argóintí na n-iarratasóirí a dhíospóid.
- 70 I ndáil leis sin, ba cheart a choinneáil i gcuimhne go n-aithnítear in Airteagal 7 den Chairt go bhfuil ag gach duine an ceart go ndéanfar a shaol príobháideach agus a shaol teaghlaigh, a chónaí agus a chumarsáidí a urramú. I gcomhréir le hAirteagal 52(3) den Chairt, ní mór don Chúirt Ghinearálta, agus an ceart sin á scrúdú aici, léiriú na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ar Airteagal 8(1) ECHR a chur san áireamh.
- 71 Ar aon dul leis an bhforáil sin in CECD, is gá go ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt rúndacht an chomhairliúcháin dhlíthiúil, maidir lena ábhar agus lena bheith ann araon. Dá bhrí sin, cé is moite de chásanna eisceachtúla, ní mór ionchas dlisteanach a bheith ag aon duine nach nochtfaidh a dhlíodóir do dhuine ar bith, gan a thoiliú nó a toiliú, go rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis nó léi (breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balie agus páirtithe eile*, C-694/20, EU:C:2022:963, mír 27).
- 72 Mar sin féin, ní thoirmisctear le hAirteagal 7 den Chairt ná le hAirteagal 8 de CECD roinnt oibleagáidí a fhorchur ar dhlíodóirí a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an gcaidreamh lena gcliaint, go háirithe i gcás ina bhfuil tásca sochreidte ann gur ghlac dlíodóir páirt i gcion, nó i gcomhthéacs cleachtais áirithe a chomhrac. Ní mór, áfach, na bearta sin a theorannú go docht agus coimircí nós imeachta leordhóthanacha a chur ar fáil i gcoinne treallachais (féach, chuige sin, ECtHR, an 16 Samhain 2021, *Särgava v an Eastóin*, CE:ECHR:2021:1116JUD000069819, mír 89 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 73 Chinn an Chúirt cheana féin go raibh cur isteach ar an gceart chun cumarsáidí idir dlíodóirí agus a gcliaint a urramú, a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt, i gceist le hoibleagáid chun dearbhú a dhéanamh, lena gceanglaítear ar dhlíodóir a chéannacht agus a mheasúnú ar an oibleagáid chun dearbhú a dhéanamh atá i gceist a nochtadh d'idirghabhálaí tríú páirtí nach é a chliant é (breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C 694/20, EU:C:2022:963, míreanna 29 agus 30). Ina theannta sin, mar thoradh ar an oibleagáid sin a dhearbhu, a mhéid a chuirtear oibleagáid ar an idirghabhálaí tríú páirtí fógra a thabhairt do riarachán chéannacht an dlíodóra lena mbaineann agus é a bheith ann, cuirtear isteach a thuilleadh ar an gceart a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt (breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balie agus páirtithe eile*, C-694/20, EU:C:2022:963, mír 31). Dá bhrí sin, is

ionann nochtadh a chéannachta ag dlíodóir, go háirithe, nó comhairliúchán a bheith ann a bhfuil sé freagrach as, ós rud é go bhfuil iallach air agus go ndéantar é gan toiliú a chliaint, agus cur isteach ar an gceart a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt.

- 74 Foráiltear le hAirteagal 5n(10) de Rialachán Uimh. 833/2014 go ‘bhféadfaidh’ na húdaráis inniúla seirbhísí comhairleacha dlí a údarú ‘faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin’ chun na críoch a liostaítear go cuimsitheach sa mhír sin.
- 75 Foráiltear le hAirteagal 12b(2)(a) de Rialachán Uimh. 833/2014 go ‘bhféadfaidh’ na húdaráis inniúla soláthar seirbhísí a údarú faoi réir an toirmisc atá i gceist, i gcás ina bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin chun sócmhainní a dhíol sa Rúis nó chun gníomhaíochtaí sa Rúis a leachtú, ar choinníoll go gcomhlíontar dhá choinníoll charnacha. Is éard atá i gceist leis na coinníollacha sin, go bunúsach, soláthar na comhairle atá i gceist a shrianadh d’eintitis amháin a eascraíonn as an dífheistiú agus nach bhfuil aon ‘fhoras réasúnach ann lena chreidiúint go bhféadfaí na seirbhísí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Rialtas na Rúise nó d’úsáideoir deiridh míleata nó d’úsáideoir deiridh míleata sa Rúis’.
- 76 Dá bhrí sin, leis na forálacha díolúine, ceadaítear do na húdaráis inniúla deireadh a chur leis an toirmeasc atá i gceist i gcásanna áirithe a shainaithnítear go beacht.
- 77 Fágann na forálacha díolúine sin corrlach lánroghnach ag na húdaráis inniúla maidir leis an mbealach ina gcaithfear iarratas ar dhíolúine a dhéanamh, a thaisceadh agus a phróiseáil. Dá bhrí sin, mar shampla, ní rialaítear leis na forálacha díolúine céannacht an iarratasóra a cuireadh faoi bhráid na n-údarás náisiúnta inniúil. Dá bhrí sin, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfaidh an dlíodóir, tríú duine, nó Rialtas na Rúise nó eintiteas atá bunaithe sa Rúis féin an iarraidh sin a dhéanamh, a choimeádann an ceart, sa chás deireanach sin, cúnamh dlíodóra a fháil, fiú go neamhfhoirmiúil, i gcomhréir le hAirteagal 5n(6) de Rialachán Uimh. 833/2014.
- 78 Ar an gcaoi chéanna, ní thugtar le fios leis na forálacha atá faoi chonspóid, go sainráite ná fiú go hintuigthe, gur cheart a cheangal ar an dlíodóir faisnéis a chumhdaítear le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt a roinnt leis na húdaráis inniúla, gan toiliú a chliaint.
- 79 Ar an gcaoi chéanna, a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis is gá chun an iarraidh ar dhíolúine a phróiseáil, ní luaitear sna forálacha díolúine na heilimintí nach mór a bheith ar fáil don údarás inniúil chun a scrúdú a dhéanamh. Is fíor go gceanglaítear leis na coinníollacha ginearálta faoinar féidir díolúintí a dheonú ar an údarás sin, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 5n(10) de Rialachán Uimh. 833/2014, scrúdú cúramach a dhéanamh ar an staid os a chomhair, ós rud é, chun údarú a dheonú, nach mór don údarás inniúil ‘a shuíomh’ go bhfuil gá leis an údarú sin chun ceann de na críocha a liostaítear sna forálacha díolúine. Tá feidhm ag an méid céanna maidir le hAirteagal 12b(2)(a) den Rialachán sin, a mhéid a fhoráiltear leis nach mór don údarás inniúil a áirithiú go bhfuil géarghá le soláthar na seirbhísí le haghaidh na ngníomhaíochtaí sainithe agus go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos chun na críche sin.
- 80 Mar sin féin, is ceart a choinneáil i gcuimhne, i gcomhréir le hAirteagal 51(1) den Chairt, go gceanglaítear ar na Ballstáit na cearta a chumhdaítear sa Chairt a urramú agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu. Tá sé de dhualgas orthu, dá bhrí sin, agus na socruithe á sainiú chun na

nósanna imeachta díolúine a chur chun feidhme, a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 7 den Chairt, i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 52(1) de (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *Privacy International*, C-623/17, EU:C:2020:790, míreanna 62 agus 63).

- 81 Dá bhrí sin, ní chuirtear leis na forálacha díolúine iontu féin isteach ar an gceart a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt.
- 82 Ina theannta sin, áitíonn na hiarratasóirí go bhfágann Airteagal 5n(4) de Rialachán Uimh. 883/2014, a mhéid a cheanglaítear ar dhlíodóirí leis gach Conradh idir iad féin agus daoine dlítheanacha, eintitis agus eagraíochtaí atá bunaithe sa Rúis a fhoirceannadh, fiú a tugadh i gcrích roimh an 7 Deireadh Fómhair 2022, nach bhfuil brí le dualgas dílseachta an dlíodóra, atá faoi chosaint Airteagal 7 den Chairt.
- 83 Ní mór a lua, áfach, nár léirigh na hiarratasóirí, gan bunús breise a thabhairt lena n-éilimh, conas a chuireann Airteagal 5n(4) de Rialachán Uimh. 883/2014 isteach ar dhualgas dílseachta an dlíodóra agus ar an gceart a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt.
- 84 Mar fhocal scoir, ní mór diúltú don dara cuid den chéad saincheist dlí.
- 85 Ar aon chuma, ag glacadh leis go n-eascraíonn cur isteach ar rúndacht ghairmiúil na ndlíodóirí a ráthaítear in Airteagal 7 den Chairt ó na forálacha díolúine, tá sé tábhachtach a thabhairt chun cuimhne go gceadaítear le hAirteagal 52(1) den Chairt teorainneacha a chur le feidhmiú na gcearta atá cumhdaithe sa Chairt, ar choinníoll go bhforáiltear le dlí do na teorainneacha lena mbaineann. Ní mór do theorainneacha den sórt sin bunbhrí an chirt bhunúsach atá i gceist a urramú freisin agus, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní mór dóibh a bheith riachtanach agus ní mór dóibh cuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas Eorpach a chomhlíonadh i ndáiríre (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 148; an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C-694/20, EU:C:2022:963, mír 34, agus an 27 Iúil 2022, *RT France v an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, míreanna 77 agus 144).
- 86 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gceanglas nach mór foráil a dhéanamh le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gcearta bunúsach, tugann sé le tuiscint go gcaithfidh an gníomh lena gceadaítear cur isteach ar na cearta sin ann féin raon feidhme na teorann ar fheidhmiú an chirt lena mbaineann a shainiú é féin, agus é ráite, ar an gcéad dul síos, nach gcuirtear cosc leis an gceanglas sin ar an teorannú atá i gceist a fhoirmliú i dtéarmaí atá oscailte go leor chun go mbeidh sé in ann oiriúnú do staideanna éagsúla agus d'athruithe i staideanna agus, ar an dara dul síos, go bhféadfaidh an Chúirt, i gcás inarb iomchuí, raon feidhme sonrach an tsriain a shonrú, trí bhíthin léiriú, i bhfianaise fhoclaíocht reachtaíocht an Aontais atá i gceist agus i bhfianaise a scéime ginearálta agus na gculpóirí a shaothraítear léi, mar a léirítear iad i bhfianaise na gcearta bunúsach a ráthaítear leis an gCairt (féach breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C-694/20, EU:C:2022:963, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 87 I dtaca leis sin, cuireann Airteagal 5n(4) go (9), de Rialachán Uimh. 833/2014 ('na forálacha eisceachta') agus forálacha díolúine teorainn le raon feidhme an toirmisc ar dhlíodóirí a sholáthraíonn seirbhísí comhairleacha dlí do Rialtas na Rúise agus d'eintitis atá bunaithe sa Rúis, mar a leagtar amach in Airteagal 5n(2) de Rialachán Uimh. 833/2014. Murab ionann agus an méid a áitíonn an Ordre des avocats de Genève, is léir ó mhíreanna 52 go 63 den bhreithiúnas seo go sainaitheann go sainráite na seirbhísí comhairleacha dlí atá faoi réir an toirmisc atá i gceist.

- 88 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go ndéantar foráil le dlí don toirmeasc atá faoi dhíospóid, de réir bhrí Airteagal 52(1) den Chairt.
- 89 Ar an dara dul síos, maidir le hinneachar sár-riachtanach an chirt chun cumarsáidí idir dlíodóirí agus a gcliaint a urramú, a ráthaítear in Airteagal 7 den Chairt, ba cheart a thabhairt faoi deara nach leagtar síos leis na forálacha díolúine an oibleagáid nó fiú an t-údarú don dlíodóir faisnéis a bhaineann le hábhar a gcumarsáidí nó le hábhar beacht an chomhairliúcháin a iarraidh a roinnt leis an údarás inniúil, gan toiliú a chliaint. Ina theannta sin, ní féidir forálacha na díolúine a agairt ach amháin i gcásanna nach bhfuil baint ar bith acu le himeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána, ionas nach mbeadh sé mar thoradh orthu ar dhóigh ar bith go nochtfaí faisnéis a bhaineann le himeachtaí den sórt sin, cibé acu atá siad faoi láthair nó is dócha.
- 90 Faoi na coinníollacha sin, ní féidir a mheas go sáraíonn forálacha na díolúine ábhar bunriachtanach an chirt chun meas a bheith agat ar chumarsáid idir dlíodóirí agus a gcliaint, atá cumhdaithe in Airteagal 7 den Chairt.
- 91 Ar an tríú dul síos, maidir le hoiriúnacht na bhforálacha díolúine, is gá scrúdú a dhéanamh an bhfuil údar leis na srianta ar rúndacht ghairmiúil a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo mar gheall ar chuspóirí leasa ghinearálta atá á saothrú ag an Aontas Eorpach agus an bhfreagraíonn siad i ndáiríre do na cuspóirí leasa ghinearálta sin.
- 92 Tá dlúthnasc idir an scrúdú ar chomhréireacht na bhforálacha díolúine agus an scrúdú ar chomhréireacht an toirmisc féin atá i gceist. Go deimhin, ní dhéanann na forálacha díolúine ach timeall ar an toirmeasc faoi dhíospóid.
- 93 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt go raibh tábhacht na gcuspóirí a shaothraítear le Rialachán 2022/1904, 2022/2474 agus 2023/427, eadhon iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine a chosaint agus réiteach síochánta ar an ngéarchéim sa tír sin a chur chun cinn, a bhí mar chuid den chuspóir níos leithne an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothabháil, i gcomhréir le cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a leagtar amach in Airteagal 21 CAE, de chineál a thabharfadh údar le hiarmhairtí diúltacha, fiú iarmhairtí suntasacha, d'oibreoirí áirithe nach raibh aon fhreagracht orthu as an staid ba chúis le glacadh na smachtbhannaí (breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2018, *Gazprom Neft v an Chomhairle*, T-735/14 agus T-799/14, EU:T:2018:548, mír 171; féach freisin, chuige sin, breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France v an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, mír 202).
- 94 Sonraítear in Aithris 2 de Chinneadh 2022/1909 'Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine'. Leagtar amach in aithrisí 3 go 8 den chinneadh céanna a thromchúisí atá an staid san Úcráin agus thángthas ar an gconclúid 'gur chuir comhaltaí na Comhairle Eorpaí in iúl go neartóidh siad bearta sriantacha an Aontais chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha na Rúise a chomhrac agus go gcuirfidh siad leis an mbrú atá ar an Rúis deireadh a chur lena cogadh foghach'. Luaitear freisin, in aithris 9 de Chinneadh 2022/1909, 'i bhfianaise thromchúis na staide [san Úcráin], is iomchuí tuilleadh bearta sriantacha a thabhairt isteach', lena n-áirítear an toirmeasc atá i gceist, i gcomhréir le haithrisí 12 agus 13 den chinneadh céanna sin.
- 95 Is léir freisin ó aithris 3 de Rialachán 2022/1904 gurb ionann glacadh na mbeart sriantach nua sin agus 'freagairt ar thuilleadh ionsuithe a dhéanamh ag Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine'. Leagtar amach ansin in Aithris 19 den Rialachán céanna sin, lena ndéantar aithris 13 de Chinneadh 2022/1909 arís, na cineálacha seirbhísí comhairle dlí atá faoi réir toirmisc.

- 96 Áitíonn an Chomhairle gur léir ó aithrisí ábhartha Chinneadh 2022/1909 agus Rialachán 2022/1904 gurb é cuspóir an toirmisc atá i gceist an brú ar Chónaidhm na Rúise a threisiú a thuilleadh chun deireadh a chur lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Chun é sin a dhéanamh, tá sé beartaithe leis an toirmeasc atá i gceist méadú a dhéanamh ar a dheacra atá sé do Rialtas na Rúise agus d'eintitis atá bunaithe sa Rúis earraí agus seirbhísí nó caipiteal a sholáthar san Aontas Eorpach tríd an gcúnamh teicniúil agus dlíthiúil is gá le haghaidh na hoibríochtaí sin a bhaint díobh.
- 97 Is léir ó na haithrisí thuasluaite, i bhfianaise na staide san Úcráin atá ag dul in olcas, go raibh sé beartaithe ag comhaltaí na Comhairle Eorpaí agus, ina dhiaidh sin, ag an gComhairle an brú ar Chónaidhm na Rúise a mhéadú, trí bhíthin bearta sriantacha breise, arbh é an cuspóir a bhí leo rannchuidiú le deireadh a chur le cogadh foghach Chónaidhm na Rúise san Úcráin. Ós rud é gur gné bhunriachtanach iad seirbhísí comhairleacha dlí a sholáthraíonn dlíodóirí de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha á ndéanamh san Aontas ag Rialtas na Rúise chomh maith le haon eintiteas atá bunaithe sa Rúis, d'fhéadfadh toirmeasc ar sheirbhísí den sórt sin srian a chur ar fheidhmiú na ngníomhaíochtaí sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an srian sin teorainn a chur le hacmhainní eacnamaíocha agus airgeadais réimeas na Rúise agus, dá bhrí sin, costais ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú.
- 98 I ndáil leis sin, ba cheart a chur in iúl go bhfuil na forálacha eisceachta agus díolúine ag gabháil leis an toirmeasc atá i gceist, rud a fhágann gur féidir a raon feidhme a laghdú a mhéid a bhaineann lena raon feidhme ábhartha agus pearsanta araon.
- 99 Go deimhin, ar an gcéad dul síos, cuireann na forálacha eisceachtúla teorainn le raon feidhme an toirmisc ghinearálta ar sheirbhísí comhairle dlí a sholáthar, trí sheirbhísí comhairle dlí a sholáthraítear i dtaca le nós imeachta breithiúnach, riaracháin nó eadrána a eisiamh óna raon feidhme ábhartha, go háirithe. Ní bheidh faoi réir an choisc seo ach comhairle dlí in ábhair neamhchonspóideacha.
- 100 Ansin, ar thaobh amháin, foráiltear le hAirteagal 5n(10) de Rialachán Uimh. 833/2014 go bhféadfaí maolú a dhéanamh ar an toirmeasc atá faoi chonspóid le haghaidh seirbhísí comhairleacha dlí áirithe ar féidir, go háirithe, i bhfianaise na réimsí atá liostaithe ann, a bheith riachtanach nó úsáideach don Aontas agus atá comhsheasmhach le haidhmeanna ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais sa mhéid is go luaitear ann earnálacha nach bhfuil cumhdaithe ag bearta sriantacha earnálacha.
- 101 Ar an dara dul síos, foráiltear le hAirteagal 12b(2)(a) de Rialachán Uimh. 833/2014 freisin go bhféadfaí maolú ón toirmeasc atá i gceist le haghaidh seirbhísí comhairleacha dlíthiúla áirithe, i gcás ina bhfuil géarghá leo chun sócmhainní a dhíol sa Rúis nó chun gníomhaíochtaí sa Rúis a leachtú, ar choinníoll go gcomhlíontar dhá choinníoll. Thairis sin, cé go raibh teorainn ama leis an díolúine sin (go dtí an 31 Nollaig 2023 ar dtús), cuireadh síneadh léi go dtí an 31 Márta 2024, le Rialachán (AE) 2023/1214 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán Uimh. 833/2014 (IO 2023 L 159 I, lch. 1), agus ina dhiaidh sin go dtí an 31 Iúil 2024, le Rialachán (AE) 2023/2878 ón gComhairle an 18 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán Uimh. 833/2014 (IO L, 2023/2878).

- 102 Ar deireadh, tá raon feidhme pearsanta an choisc faoi chonspóid teoranta freisin. Ní bhaineann sé ach le seirbhísí dlí a sholáthraítear do Rialtas na Rúise agus do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí atá bunaithe sa Rúis. Dá bhrí sin, ní thagann comhairle dlí a thugtar do dhaoine nádúrtha, go háirithe, faoi raon feidhme an choisc sin.
- 103 Dá bhrí sin, leis an toirmeasc atá faoi chonspóid, tugtar aghaidh go hiomchuí agus go comhsheasmhach ar an gcuspóir an brú ar Chónaidhm na Rúise a mhéadú a thuilleadh chun deireadh a chur lena cogadh foghach ar an Úcráin. Leis na forálacha díolúine, a mhéid a chumasaítear leo deireadh a chur leis an toirmeasc atá i gceist i gcásanna a shainithnítear go beacht, saothraítear leo féin an cuspóir leasa ghinearálta sin.
- 104 Ar an gceathrú dul síos, is gá scrúdú a dhéanamh an bhfuil an cur isteach ar an gceart bunúsach chun cumarsáid idir dlíodóirí agus a gcliaint a urramú a d'fhéadfadh teacht as na forálacha díolúine teoranta don mhéid is gá chun na cuspóirí a shaothraítear le Rialacháin 2022/1904, 2022/2474 agus 2023/427 a bhaint amach.
- 105 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeartaítear leis na forálacha díolúine deireadh a chur leis an toirmeasc atá i gceist ar chúiseanna polaitiúla, daonnúla, straitéiseacha agus eacnamaíocha, go háirithe i gcásanna a d'fhéadfadh a bheith tairbheach don Aontas Eorpach, mar a luadh, go háirithe, i mír 100 den bhreithiúnas seo. I ndáil leis sin, cuirtear leis na forálacha díolúine seo srian le raon feidhme an toirmisc atá faoi dhíospóid, mar is léir ó mhíreanna 100 agus 101 den bhreithiúnas seo, agus dá bhrí sin is féidir comhréireacht an toirmisc a áirithiú. Is fíor freisin go bhféadfadh na forálacha sin, a mhéid a mhaolaíonn siad déine an toirmisc atá i gceist, difear a dhéanamh do shaothrú an chuspóra dhliteanaigh fhoriomláin atá á shaothrú leis an toirmeasc sin, arb é atá ann acmhainní eacnamaíocha agus airgeadais réimeas na Rúise a theorannú, chun go gcuirfidh an réimeas sin deireadh lena chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá bonn cirt leis nach bhféadfaidh na húdaráis inniúla deireadh a chur leis an toirmeasc atá faoi chonspóid ach amháin tar éis dóibh a shuí go bhfuil gá leis sin agus faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach sna forálacha díolúine.
- 106 Féadfar a mheas, dá bhrí sin, nach dtéann na forálacha díolúine thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an toirmisc atá i gceist a bhaint amach go héifeachtach agus a chomhréireacht a háirithiú ag an am céanna.
- 107 Dá bhrí sin, in aon chás, tá an tríú cuid den chéad fhoras achomhairc, lena n-éilítear gur cur isteach ar Airteagal 7 den Chairt é an toirmeasc atá i gceist, gan bhunús. Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad fhoras achomhairc ina iomláine.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear cur isteach ar neamhspleáchas an dlíodóra agus ar luachanna an smachta reachta agus sárú ar phrionsabal na comhréireachta

- 108 Tá an dara foras achomhairc roinnte ina dhá chuid.

(a) An chéad chuid, lena n-éilítear cur isteach ar neamhspleáchas an dlíodóra agus ar luachanna an smachta reachta

- 109 Tá dhá ghearán sa chéad chuid den dara pléadail. Leis an dá ghearán sin, iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an toirmisc atá i gceist i bhfianaise Airteagal 2 CAE.

- 110 Measann an Chomhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na hEastóine, ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, nach bhfuil argóint na n-iarratasóirí atá bunaithe ar luachanna an Aontais Eorpaigh a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE inghlactha, ós rud é nach bhfuil bunús leordhóthanach léi.
- 111 Is iomchuí, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar an bpléadáil maidir le do-ghlacthacht a chuir an Chomhairle ar aghaidh, ansin anailís a dhéanamh ar an ngearán lena líomhnaítear cur isteach ar neamhspleáchas an dlíodóra agus, ar deireadh, chun anailís a dhéanamh ar an ngearán bunaithe ar chur isteach ar luachanna an smachta reachta.
- (1) *An phléadáil maidir le do-ghlacthacht bunaithe ar Airteagal 76 de na Rialacha Nós Imeachta*
- 112 Faoi Airteagal 76(d) de na Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ní mór, *inter alia*, achoimre ar na saincheisteanna dlí ar a bhfuil an t-iarratas bunaithe a bheith san iarratas. Ina theannta sin, is cásdlí socair é nach mór don achoimre sin a bheith soiléir agus beacht go leor chun go mbeidh an cosantóir in ann a chosaint a ullmhú agus chun go mbeidh an Chúirt in ann rialú ar an gcaingean, gan tuilleadh faisnéise a lorg más gá. Is gá, chun go mbeidh caingean inghlactha, na sonraí bunúsacha dlíthiúla agus fíorasacha ar a bhfuiltear ag brath a léiriú, i bhfoirm achomair ar a laghad, ach go comhleanúnach agus go hintuigthe, san iarratas féin, chun deimhneacht dhlíthiúil agus dea-riarach an cheartais a ráthú. De réir cásdlí socair, ní mór aon argóint nach gcuirtear in iúl go leordhóthanach san iarratas lena dtionscnaítear imeachtaí a mheas a bheith do-ghlactha. Beidh feidhm ag ceanglais chomhchosúla nuair a ardaítear gearán mar thaca le pléadáil (féach breithiúnas an 12 Feabhra 2020, *Kampete v an Chomhairle*, T-164/18, nár foilsíodh, EU:T:2020:54, mír 112 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 113 Sa chás sin, áitíonn na hiarratasóirí, ag brath ar chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus na Cúirte Breithiúnais, go bhfuil gá le cúram bunúsach dlíodóirí a choimirciú, eadhon dlíthithe a chosaint, chun na luachanna bunúsacha a liostaítear in Airteagal 2 CAE a chur chun cinn laistigh den Aontas Eorpach, amhail an daonlathas, an smacht reachta nó cearta an duine, agus chun na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 47 den Chairt a ráthú.
- 114 Eascraíonn an cur isteach ar neamhspleáchas an dlíodóra go háirithe as an bhfíoras go gcuirtear leis an toirmeasc atá i gceist, trína fhorálacha díolúine, srian ar an bhféidearthacht atá ag dlíodóirí glacadh lena sainorduithe agus iad a dhéanamh ina dhiaidh sin. I ndáil leis sin, dhéanfaidh an toirmeasc atá i gceist dochar do phríomhdhualgas an dlíodóra agus, dá bhrí sin, do na luachanna bunúsacha a liostaítear in Airteagal 2 CAE.
- 115 Áitíonn na hiarratasóirí mar sin go bhféadfadh an toirmeasc atá faoi chonspóid, a mhéid a chuirtear srian i bprionsabal ar sholáthar seirbhísí comhairle dlí ag dlíodóirí, na bunluachanna atá liostaithe in Airteagal 2 CAE a sháru.
- 116 Dá bhrí sin, cé go raibh siad i bhfoirm achomair, chuir na hiarratasóirí na hábhair fhíor-riachtanacha fíorais agus dlí ar a bhfuil siad ag brath i láthair go comhleanúnach agus go hintuigthe san iarratas.
- 117 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don phléadáil do-ghlacthachta atá bunaithe ar Airteagal 76(d) de na Rialacha Nós Imeachta.

(2) *An chéad ghearán, lena líomhnaítear cur isteach ar neamhspleáchas an dlíodóra*

- 118 Áitíonn na hiarratasóirí, le tacaíocht ón Bundesrechtsanwaltskammer agus an Ordre des avocats de Genève, gurb ionann an oibleagáid údarú a lorg chun comhairle dlí a sholáthar agus cur isteach ar neamhspleáchas an dlíodóra, rud atá riachtanach chun urraim do luachanna an Aontais Eorpaigh a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE a áirithiú, amhail an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine. Dá bhrí sin, tá neamhspleáchas an dlíodóra riachtanach chun an smacht reachta a ráthú.
- 119 Bhainfeadh na forálacha atá faoi dhíospóid as neamhspleáchas na ndlíodóirí, i ndáil le húdaráis phoiblí agus i ndáil lena gcliaint, agus chuirfí cosc orthu a ndualgas dílseachta ina leith a chomhlíonadh. Bheadh teorainn leis na heisceachtaí dá bhforáiltear sna forálacha seo agus ní chumhdódh siad ach cuid de na seirbhísí comhairle dlí. Cuireann na hiarratasóirí in iúl go gcuirtear cosc leis an gCód Eitice do Dhlíodóirí Eorpacha arna tharraingt suas ag Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa ar thríú páirtí, *a fortiori* údarás poiblí, tionchar a imirt ar an bpróiseas glactha agus ar iompar shainorduithe an dlíodóra.
- 120 Cuireann na hiarratasóirí in iúl freisin gur faoi na húdaráis atá sé gan bearta a ghlacadh a chuirfeadh neamhspleáchas na ndlíodóirí i mbail. Dá gcuirfí teorainn leis na hábhair inar féidir le dlíodóirí idirghabháil a dhéanamh agus leis na daoine ar féidir leo comhairle a thabhairt dóibh, chuirfí isteach ar neamhspleáchas dlíodóirí agus ní hamháin ar a saoirse chun seirbhísí áirithe a sholáthar, chuirfí isteach ar neamhspleáchas dlíodóirí agus ar a saoirse chun seirbhísí áirithe a sholáthar.
- 121 Deir an Ordre des avocats de Genève freisin go bhfuil neamhspleáchas an dlíodóra i leith an údaráis phoiblí, tríú páirtithe agus a chuid cliant faoi chosaint Airteagal 47 den Chairt agus Airteagal 2 CAE. Tá dochar dochosanta á dhéanamh don toirmeasc atá i gceist, cé nach mór don dlíodóir a bheith saor chun cinneadh a dhéanamh maidir le cás a sheoladh nó gan é a sheoladh, ionas nach gcuirfear srian ar chumas aon duine a chearta nó a cearta a dhearbhu.
- 122 Diúltaíonn an Chomhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na hEastóine, ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, aon chur isteach ar neamhspleáchas an dlíodóra.
- 123 I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chúirt go leanann sé ó Airteagal 2 CAE go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna, amhail an smacht reachta, atá i gcoiteann ag na Ballstáit i sochaí a bhfuil an ceartas mar shaintréith di, go háirithe (breithiúnas an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, mír 62). Tá ag gach duine a ndéantar a chearta nó a cearta agus a shaoirsí nó a shaoirsí, arna ráthú le dlí an Aontais, a shárú, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse, ar athbhreithniú breithiúnach éifeachtach é atá ceaptha chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha dhlí an Aontais atá ina ndlúthchuid den smacht reachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft* (C- 72/15, EU:C:2017:236, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 124 Tá sé soiléir ó chásdlí na Cúirte gur oifigigh na cúirte iad dlíodóirí a sholáthraíonn an cúnamh dlíthiúil a theastaíonn dá chliaint i neamhspleáchas iomlán. Tá aitheantas tugtha ag an gCúirt do chúram dlíodóirí, a gceanglaítear orthu an cúnamh dlí atá de dhíth ar an gcliant a sholáthar go hiomlán neamhspleách agus ar mhaithe leis an gceartas (breithiúnas an 18 Bealtaine 1982, *AM & S Europe v an Coimisiún*, 155/79, EU:C:1982:157, mír 24). Cuireann an Chúirt i bhfios go láidir freisin go n áirítear i misean bunúsach an dlíodóra, ar thaobh amháin, an ceanglas, a n aithnítear a thábhachtaí sna Ballstáit go léir, go gcaithfidh gach dlíthí a bheith in ann dul i dteagmháil lena

dhlíodóir i saoirse iomlán, a gcuimsítear a ghairm bheatha, de réir a nádúr féin, an cúram comhairle dlí a thabhairt, go neamhspleách, dóibh siúd go léir a bhfuil gá acu léi agus, ar an taobh eile, ceanglas comhghaolaithe dílseachta ar thaobh an dlíodóra dá chliant (breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile*, C 694/20, EU:C:2022:963, mír 28).

- 125 Ina theannta sin, measann an Chúirt go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le neamhspleáchas dlíodóra, chun críocha ceart a chliant chun leigheas éifeachtach a chosaint, trí inghlacthacht caingne arna dtionscnamh ag daoine aonair a chur faoi réir chomhlíonadh an cheanglais go ndéanfadh triú páirtí neamhspleách ionadaíocht thar ceann an iarratasóra. Is é cuspóir chúram na hionadaíochta ó dhlíodóir, dá dtagraítear in Airteagal 19 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go háirithe, cosaint leasanna an chliant a áirithiú, i gcomhréir leis an dlí agus leis na rialacha is infheidhme maidir le hiompar gairmiúil. Sainmhínítear riachtanas an neamhspleáchais ní hamháin ar bhealach diúltach, is é sin, gan caidreamh fostaíochta a bheith ann, ach freisin ar bhealach dearfach, eadhon trí thagairt do smacht gairmiúil. Maidir leis seo, ní mór neamhspleáchas a thuiscint mar easpa nasc ar bith idir an dlíodóir agus a chliant, ach na cinn sin amháin a bhaineann an bonn go follasach dá chumas a mhisean cosanta a chur i gcrích trí fhreastal ar leasanna a chliant ar an mbealach is fearr is féidir a chumas, i gcomhréir leis an dlí agus rialacha gairmiúla agus eiticiúla (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Márta 2022, *PJ agus PC v EUIPO*, C-529/18 P agus C-531/18 P, EU:C:2022:218, míreanna 65, 66 agus 69 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, tá ceart daoine aonair chun comhairle dlí arna tabhairt go neamhspleách ag dlíodóir ina chuid dhílis den cheart chun leigheas éifeachtach a fháil.
